

## Teicneolaíocht Tairsí

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi scéim nua teicneolaíochta. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh an cheist seo le do ghrúpa:

Conas is féidir leis an oideachas tríú leibhéal cur le fás agus forbairt i gcúrsaí gnó agus tionsclaíochta?

**Ceist 2** Cad is brí leis na focail seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- An tAire Taighde agus Nuálaíochta
- comhoibriú
- maoiniú
- iarchéim
- tionscal tógála
- béim mhór
- treisíonn sé
- ...a aithint
- dá réir
- i dtiúin le
- tograí
- saineolas
- táirgí

Féach ar an mír den chéad uair agus téigh siar ar na focail thuas arís.

**Ceist 3** Anois, féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt:

1. Cé hé Seán Sherlock agus cén fáth a luaitear é sa mhír?
2. Déan cur síos ar *Technology Gateways* agus *Dairymaster*.
3. Cén Ghaeilge a chuirfeá ar an dá theideal thuas?

**Ceist 4** Roinn na focail seo, a bhí le cloisteáil sa mhír, in dhá ghrúpa. Cuir an t-alt leo freisin.

*Clár, Aire, institiúid, comhlacht, céim, tionscal, béim, taighde, bliain, togra, agus déantúsaíocht.*

Focail fhirinscneacha	Focail bhaininscneacha

**Ceist 5** '...cuireann...'

- A. Cén aimsir atá i gceist sa sampla thuas?
- B. Déan ransú intinne, leis an duine in aice leat, faoi na rialacha a bhaineann le ceisteanna a chur agus freagraí a chumadh san aimsir sin.
- C. Cuir an leagan ceart de na briathra neamhrialta sna bearnaí. Bí cinnte go bhfuil siad san aimsir a phléitear in A agus B thuas.
1. Tá mo mhadra go hiontach! \_\_\_\_\_ sé ar an liathróid anois nuair a chaithim suas san aer é.
  2. Cad a \_\_\_\_\_ Tomás faoin scéal?
  3. An \_\_\_\_\_ tú an torann sin? Cad é?
  4. \_\_\_\_\_ an aimsir go hálainn inniu.
  5. Is scoláire maith é Seán. \_\_\_\_\_ sé a obair bhaile i gcónaí.
  6. \_\_\_\_\_ bronntanas deas ó mo thuismitheoirí ar mo bhreithlá.
  7. \_\_\_\_\_ ar an teilifís gach tráthnóna, tar éis am scoile.
  8. \_\_\_\_\_ mo chara, Tomás, aon fheoil ar chor ar bith. Is feoilséantóir é.
  9. \_\_\_\_\_ tú comhairle do Mháire go minic?
  10. \_\_\_\_\_ Síle chun na scoile ar an mbus.
  11. \_\_\_\_\_ ag snámh san fharraige gach lá sa samhradh.

**Ceist 6** Cuir na focail seo in abairtí chun na difríochtaí eatarthu a léiriú:

Togra  
Tionscal  
Tionscadal  
Tionsclaíocht.

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

### Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

- An tAire Taighde agus Nuálaíochta – *Minister for Research and Innovation*
- comhoibriú – *working together*
- maoiniú – *funding*
- larchéim – *postgraduate degree*
- tionscal tógála – *construction industry*
- béim mhór – *strong emphasis*
- treisíonn sé – *it strengthens*
- ...a aithint – *to identify*
- dá réir – *accordingly*
- i dtiúin le – *in tune with*
- tograí – *proposals*
- saineolas – *expertise*
- táirgí – *products*

### Ceist 3

1. Tá Seán Sherlock ina Aire Taighde agus Nuála, agus sheol sé clár nua teicneolaíochta agus nuálaíochta inniu.
2. Is clár nua teicneolaíochta agus nuálaíochta é *Technology Gateways*, faoina bhfuil *Enterprise Ireland* agus Institiúidí Teicneolaíochta áirithe ag comhoibriú le chéile chun taighdte teicneolaíochta a dhéanamh. Is é atá i gceist ná go ndéanfadh na hInstitiúidí an taighde cuí a chuideodh le comhlachtaí san earnáil tionsclaíochta táirge níos fearr a chur ar an margadh.  
Is é *Dairymaster* ceann de na comhlachtaí atá ag baint tairbhe as an gclár agus tá sé ag comhoibriú le hInstitiúid Teicneolaíochta Thrá Lí le fada. Déanann IT Thrá Lí an taighde don chomhlacht agus tá níos mó ama ag *Dairymaster* ansin díriú ar an déantúsaíocht.
3. Níl anseo ach tuairimí:  
*Technology Gateway* – teicneolaíocht tairsí, tairseach na teicneolaíochta, geata na teicneolaíochta.  
*Dairymaster* – máistir bainne, máistir déiríochta.

### Ceist 4

Focail fhirinscneacha	Focail bhaininscneacha
<i>an clár, an tAire, an comhlacht, an tionscal, an taighde agus an togra.</i>	<i>an institiúid, an chéim, an bhéim, an bhliain, agus an déantúsaíocht.</i>

### Ceist 5

- A. An aimsir láithreach.
  - B. Bí cinnte go bhfuil deirí na mbriathra san aimsir láithreach ar eolas ag na foghlaimoirí: -aim, -ann / -im, -eann / -aím, -aíonn / -ím, -íonn. Mínigh dóibh go mbaintear úsáid as **An** chun ceist a chur agus go mbaintear úsáid as **Ní + séimhiú** chun freagra diúltach a thabhairt. Déan go leor samplaí leo más gá.
1. Tá mo mhadra go hiontach! **Beireann** sé ar an liathróid anois nuair a chaithim suas san aer é.

2. Cad a **deir** Tomás faoin scéal?
3. **An gcloiseann** tú an torann sin? Cad é?
4. **Tá** an aimsir go hálainn inniu.
5. Is scoláire maith é Seán. **Déanann** sé a obair bhaile i gcónaí.
6. **Faighim** bronntanas deas ó mo thuismitheoirí ar mo bhreithlá.
7. **Feicim** ar an teilifís gach tráthnóna, tar éis am scoile.
8. **Ní itheann** mo chara, Tomás, aon fheoil ar chor ar bith. Is feoilséantóir é.
9. **An dtugann** tú comhairle do Mháire go minic?
10. **Tagann** Síle chun na scoile ar an mbus.
11. **Téim** ag snámh san fharraige gach lá sa samhradh.

### Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Togra – proposal

Tionscal – industry

Tionscadal – project

Tionsclaíocht – industrialisation

**Máire T. Ní Mhadaoin**

Tá clár nua seolta inniu ag an Aire Taighde agus Nuálaíochta<sup>1</sup>, Seán Sherlock, faoina leanfar le comhoibriú tábhachtach idir na hInstitiúidí Teicneolaíochta agus comhlachtaí in Éirinn. Tá Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i measc na gcoláistí a bheas in ann a theacht ar mhaoiniú faoin gclár, dar teideal *Technology Gateways*.

**Grett O'Connor**

Céimeanna agus iarchéimeanna a bhain leis an tionscal tógála a bhí á mbronnadh in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí ar maidin. Tá béim mhór anseo ar chomhoibriú le comhlachtaí atá ag iarraidh leas a bhaint as an teicneolaíocht is déanaí chun a ngnónna<sup>2</sup> a fhorbairt.

**An Dr. Barra Ó Conchúir**

Cuireann muid fáilte roimh an bhfeachtas<sup>3</sup> nua seo ach go háirithe, mar treisíonn sé an obair atá ar siúl againne anseo i gCorcaigh san Institiúid le fada an lá. Is é sin le rá, fadhbanna a aithint i gcúrsaí tionsclaíochta agus an taighde a dhéanamh ansin dá réir, agus é sin a bhogadh isteach go dtí an réimse múinteoireachta chomh maith. So, cuirfidh sé sin ar chumas na gcomhlachtaí taighde a bheith déanta ar a son istigh sna hInstitiúidí teicneolaíochta, agus réiteoidh sé an clár taighde atá ar siúl sna hInstitiúidí i dtiúin leis na comhlachtaí céanna.

**Grett O'Connor**

As seo go ceann cúig bliana is féidir leis na hInstitiúidí teicneolaíochta cur isteach ar mhaoiniú do thograí tionsclaíochta ó lárchiste ina bhfuil fiche trí milliún euro. Mar shampla, tá an comhlacht, *Dairymaster*, ag comhoibriú le hInstitiúid Teicneolaíochta Thrá Lí le fada. Cuireann an IT saineolas ar fáil chun táirgí nua a fhorbairt, ionas gur féidir le *Dairymaster* díriú ar an déantúsaíocht. *Technology Gateways* a thugtar ar an gclár atá seolta inniu. Trí thacú le tionscail chun a gcuid teicneolaíochta a fhorbairt, deir *Enterprise Ireland* go gcruthóidh sé seo postanna<sup>4</sup>. Do bhí cláir den sórt céanna i bhfeidhm acu idir 2005 agus 2012 ach níl siad in ann a rá linn go fóill cé mhéad post a chruthaigh sé sin.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh.

---

<sup>1</sup> An tAire Taighde agus Nuála an teideal oifigiúil

<sup>2</sup> gnóthaí atá sa chaighdeán, ach tá an uimhir iolra 'gnónna' an-choitianta sna meáin

<sup>3</sup> don fheachtas a deirtear

<sup>4</sup> poist atá sa chaighdeán